

Cuir “má” nó “dá” i ngach ceann de na habairtí seo:

1. Má tá sé anseo, ní fheicim é.
2. Dá mbeadh sé anseo, bheinn sásta.
3. Má thagann tú in am, gheobhaidh tú é.
4. Dá mbeadh lá saoire agam, ní anseo a bheinn.
5. Má fheiceann tú Máire, tabhair an leabhar seo di.
6. Má itheann tú an t-úll glas sin, beidh tú tinn.
7. Dá ndéanfá an obair, gheofá an t-airgead.
8. Má bhíonn tú ag caint leis, abair leis teacht.
9. Dá bhfaigheadh Seán an t-airgead, bheadh sé sásta.
10. Dá mbeadh cúpla céad punt agam, cheannóinn carr.

Cuir Gaeilge air seo:

1. Tar, más féidir leat. Tíocfaidh mé más féidir liom.
2. Téigh, más mian leat, nó fan, más fearr leat é sin.
3. Ceannaigh an leabhar sin, más maith leat.
4. Mura bhfuil sé anseo, tá sé sa bhaile.
5. Mura mbíonn do leabhar agat amárach, beidh fearg ar an múinteoir.
6. Má fhaigheann an páiste é, brisfidh sé é.
7. Dhéanfadh sé é mura mbeadh Seán. (*ceacht 38 & 39*)
8. Má fheiceann tú é, iarr air teacht anseo anocht.
9. Dá mbeadh lá saoire agam, rachainn leat. (*ceacht 38 & 39*)
10. Mura gcuirtear arbhar san earrach, ní bhainfear é san fhómhar.
11. Dá bhfaighfeá an dhuais bheadh do mháthair sásta. (*ceacht 38 & 39*)
12. Bíonn tuirse orm i gcónaí i gceann an lae. (*ceacht 51*)
13. Tá triúr deirfiúr agus ceathrar deartháir agam. (*ceacht 44*)